



Polasaí Iontrála Scoil Santain 2014

Scoil Santain Enrolment Policy / Admissions Policy

1. INTREOIR

Tá an polasaí cláraithe / iontrála seo curtha le chéile ag Bord Bainistíochta Scoil Santain, Tamhlacht, Co. Atha Cliath, i gcomhair le **Rialacha do Scoileanna Náisiúnta** agus le **h-Acht um Oideachais 1998**. Tá muintín ag an mBord Bainistíochta go mbeidh cabhair le fáil ag tuismitheoirí maidir le clárú a bpáistí agus ina theannta sin go mbeidh Cathaoirleach an Bhoird agus an Príomhoide sásta aon cheist maidir leis an bpolasaí seo a dhéanamh níos soiléire.

1. INTRODUCTION

*This enrolment policy has been compiled by Bord Bainistíochta Scoil Santain, Tamhlacht Co. Átha Cliath in accordance with **The Rules for National Schools and the Education Act 1998**. An Bord Bainistíochta hopes that this document will act as an aid to parents in the registration and enrolment of their children and that An Cathaoirleach an Bhoird and An Príomh Oide will be pleased to clarify any issue regarding this policy.*

Is scoil Chaitliceach chomhoideachasúil í an scoil. Tugtar tús áite do pháistí gur Caitlicigh iad ach glactar le sainchreidimh eile.

Tá an scoil seo faoi phátrúntacht Ardeaspag Chaitliceach Bhaile Átha Cliath faoi scáth na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá stádas faoi mí-bhuntaiste na scoile aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá stádas DEIS ag an scoil agus chuige sin, déantar iarracht coimheas oide dalta 1:20 a choinneáil i ranganna naíonáin 1 – rang 2 agus 1:27 i ranganna 3-6 chomh fada agus is féidir é. Eascraíonn sé uaidh seo go mbíonn comhranganna ann nuair is gá.

Scoil Santain, Bóthar na hAbhann Móire, Tamhlacht, is a Roman Catholic co-educational school. Children who are Catholic are given priority in admission to the school but children of other faiths and beliefs are also welcome.

The school is under the patronage of the Catholic Archbishop of Dublin and conforms with the rules and regulations of An Roinn Oideachais agus Scileanna.

The school has disadvantaged status recognised by An Roinn Oideachais agus Scileanna. Scoil Santain has DEIS status and accordingly is required to adhere to 1:20 pupil teacher ratio in ranganna naíonáin 1 – rang 2 and 1: 27 ratio in ranganna 3 – 6 as closely as possible. This means that multi- grade classes are required from year to year.

Tá 16 oide ranga, 4 oide tacaíocht foghlama móide comhordanóir caidreamh baile scoile pobail sa scoil. Roinntear oidí breise le scoileanna eile de réir treoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is scoil chomhoideachas í an scoil agus múintear daltaí ó rang naíonáin 1 go rang 6.

The school has 22 teachers including 16 class teachers, 4 learning support teachers and one home school and community liaison co-ordinator. Additional teachers are shared with other schools in accordance with the directives of An Roinn Oideachais agus Scileanna. Scoil Santain is a co-educational school and pupils are taught from naíonáin 1 to rang a 6.

Tá an scoil ag brath ar dheontaisí agus acmhainní múinteora a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus oibríonn sé de réir **Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus An t- Acht um Oideachais 1998**, agus laistigh de na treoracha a leagtar síos ó am go ham, i bhfoirm ciorcláin ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

*The school depends on grants and teacher resources provided by An Roinn Oideachais agus Scileanna. It operates in accordance with the **Rules for National Schools and The Education Act 1998**, and under directives issued as circulars by An Roinn Oideachais agus Scileanna.*

Leanann an scoil cláracha agus treoracha an **Churaclaim Bunscoileanna** atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. D'fhéadfadh athbhreithniú a bheith déanta orthu seo ó am go ham i gcomhair le Roinn 9 agus Roinn 30 **d'Acht Um Oideachais 1998**.

*Scoil Santain follows the programmes and directions contained in the **Primary School Curriculum** of An Roinn Oideachais agus Scileanna and these may change from time to time in accordance with section 9 and 30 of the **Education Act 1998**.*

Tugann an scoil tacaíocht do na prionsabail seo a leanas, i gcomhthéacs rialacha agus cláracha na Roinne Oideachais agus Scileanna agus laistigh de na paraméadair, agus de réir cearta an Phátrúin, mar atá leagtha síos san **Acht Um Oideachais 1998** agus an **t-Acht Um Stádas Comhionann**, chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil: Is iad na bunphrionsabail atá leagtha síos san **Acht Oideachais** agus a threisiúnn **An Polasaí Iontrála** seo ná:

1. Cuimsitheacht, go háirithe maidir le clárú/ionrollú daltaí le mí-chumas nó le riachtanas oideachais speisialta.
2. Comhionannas maidir le h-uasrochtain agus inpháirteacht sa scoil.
3. Meas ar éagsúlacht, creideamh, traidisiún, teanga agus slithe beatha sa tsochaí.
4. Rogha tuismitheora maidir leis an scoil gur mhaith leo a bpáistí a bheith cláraithe/ionrollaithe ann.

*The school supports the following principles within the context of the rules and programmes of An Roinn Oideachais agus Scileanna and within the parameters and rights of the school patron as laid down in The **Education Act 1998** and **The Equality Status Act** and also subject to the finances and resources available. The key principles outlined in the **Education Act** which underpin this **Enrolment Policy** are:*

1. *Inclusiveness, especially regarding the registration and or enrolment of children with disabilities or special educational needs.*
2. *Equality with respect to maximum access and participation in the school.*

3. *Respect for diversity, belief, tradition, language and life style in society.*
4. *Parental choice regarding the school which they wish their children to be registered and or enrolled in.*

Tosaíonn an scoil gach lá ar 9.00 r.n agus críochnaíonn sé do na naíonáin 1 agus do na naíonáin 2 ar 1.40 i.n agus críochnaíonn sé do na ranganna eile, do rang 1 - rang 6 ar a 2.40i.n.

Tá **Cód Iompair agus Araíonachta** ag an scoil agus déanfar aithbhreithniú rialta air. Tá sé intuigthe, agus an dalta á chlárú sa scoil, go bhfuil glactha ag an bpáiste, chomh maith lena thuismitheoir/ í nó le caomhnóir/ í le **Cód Iompair agus Araíonachta** na Scoile.

The school day commences at 9.00am and finishes at 1.40pm for naíonáin 1 and naíonáin 2, and at 2.40 for rang 1 – rang 6.

*The school has a **Code of Behaviour and Discipline** which is subjected to regular review. It is understood that children, parents and guardians agree to be bound by this policy when the child is enrolled in the school.*

2. RÁITEAS MISIN NA SCOILE

Tá sé mar aidhm againn i Scoil Santain an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lán-acmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go h-intleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tr mheán na Gaeilge.

Déantar iarracht ar leith ins an scoil féin íomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maidir le meas a chothú ar gach duine, dá t(h)impeallacht agus dá p(h)obal.

Aithnímid cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí agus caomhnóirí dleathacha ina ról mar bhun-oideachasóirí agus fáiltimid roimh a gcuid dtacaíochta agus a gcomhpháirteachas i saol na scoile.

2. MISSION STATEMENT

Our aim in Scoil Santain is to facilitate the achievement of each child's full potential intellectually, physically, spiritually, culturally, socially and emotionally through the medium of the Irish Language.

Scoil Santain makes a special effort to help every child to develop a positive self-image fostering respect for every person, for his / her environment and for his / her community.

Scoil Santain recognises the rights and responsibilities of parents and legal guardians in their role as the prime educators and the school welcomes their support and participation in the life of the school.

3. PRÓISEANNA IONTRÁLA DO NAÍONÁIN 1

Ní h-ionann iarratas agus geallúint go bhfuil áit sa scoil á thairiscint do pháiste.

- Caithfear **An Fhoirm Iarratais** a líonadh go h-iomlán agus a sheoladh ar ais chuig oifig rúnaí na scoile maraon le sainchóipeanna theastais breithe, uchtaithe, baistithe roimh an **31 Eanáir** den bhliain a bhfuil sé i gceist an páiste a chur chun na scoile.
- Seolfar **litir** chuig na tuistí ag rá go bhfuil an Fhoirm Iarratas faighte ag an scoil agus go bhfuil ainm an pháiste ar **Liosta Feithimh**.
- **Iarratais atá mall:** Aon Fhoirm Iarratais a sheoltar isteach ón **i ndiaidh** an **31 Eanáir** glacfar leis mar iarratas atá mall agus cuirfear go bun an Liosta Feithimh é. Cuirfear dáta glactha an iarratais ar an bhFoirm.
- **An Ghaeilge:** Tugtar cuireadh do thuistí/chaomhnóirí bualadh le h-ionadaí ón scoil chun deis a thabhairt dóibh cur lena gcuid eolais faoin scoil agus chun a gcuid spéise sab oideachas a léiriú go soiléir.
- Déantar **cinneadh** ar gach iarratas bunaithe ar na Critéir Roghnúcháin de réir **An Pholasaí Iontrála**. Cuirfear na Foirmeacha Iarratais in ord de réir na gcritéir atá leagtha síos sa Pholasaí Iontrála.
- **Líon na n-Áiteanna sa Scoil:** Is é an Bord Bainistíochta a dhéanann an cinneadh maidir leis an méid áiteanna a cuirtear ar fail do ranganna naíonáin shóisir gach bliain de réir riachtanais na scoile agus de réir treoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- **Toradh:** Cuirtear in iúl do na tuistí/chaomhnóirí go bhfuil áit sa scoil á thairiscint don pháiste nó go bhfuil ainm an pháiste ar **Liosta Feithimh** laistigh de **21 lá** ó dháta dheiridh glactha na n-iarratas.
- **Glacadh le Tairiscint Áite sa Scoil:** Bíonn ar na tuistí/chaomhnóirí a chur in iúl don scoil i scríbhinn laistigh de **7 lá** an bhfuil siad **ag glacadh** leis an tairiscint áite agus éarlais a théann i dtreo chostais na leabhar scoile/áiseanna scoile.
- **An Liosta Feithimh:** Má diúilítear do thairiscint áite sa scoil, tugtar tairiscint áite do thuismitheoirí/chaomhnóirí den chéad pháiste eile atá ar an Liosta Feithimh de réir na gcritéir roghnúcháin atá leagtha amach sa **Pholasaí Iontrála**.
- Bíonn **lá oscailte bliaintiúil** ar siúl sa scoil do na tuistí/chaomhnóirí agus na daltaí nua (naíonáin 1) i mí **Bealtaine** roimh thus na scoilbhliana.

- Is féidir **achomharc** a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Bhoird Bainistíochta diúltadh áit a thairiscint do pháiste sa scoil faoi Rannóg a 29 den **Acht Oideachais 1998**. Déantar achomharc trí dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá na sonraí teagmhála le fáil ó **Oifig na Scoile**.

3. ENTRY PROCESS FOR JUNIOR INFANTS

Acceptance of an application form does not guarantee your child a place in the school.

- *The **Application Form** must be completed in full and returned to the secretary's office with original copies of birth, adoption, and baptismal certificate by **31 January** of the year of the child's proposed entry.*
- *A **letter** is sent to parents/guardians stating that the Application Form has been received and that their child's name has been placed on a **Waiting List**.*
- ***Late Applications:** Any Application Form received after **31 January** is deemed to be a late application and is placed at the end of the Waiting List. The date of receipt of application is placed on the Form.*
- ***An Ghaeilge: Individual meeting:** Parents/guardians are invited to meet individually with a school representative. A few simple questions are asked regarding the Application Form and the school. This enables parents to learn more about the school and to demonstrate a keen and obvious interest in education through the Irish Language.*
- ***Number of Places:** The Board of Management of the School determines the number of places available for junior infants each year in accordance with the needs of the school and with directives from An Roinn Oideachais agus Scileanna.*
- *A **decision** is made on each application in accordance with the **Selection Criteria** as outlined in **An Polasaí Iontrála**.*
- ***Result:** Parents/guardians are informed whether their child is being offered a place in the school or whether the child's name is being placed on a Waiting List within **21 days** of the last day for receipt of applications.*
- ***Acceptance of a Place:** Parents/guardians must inform the school in writing within **7 days** that they are accepting the offer of a place for their child in the school along with a deposit which will go towards the cost of school books/school requisites.*
- ***The Waiting List:** If an offer of a place in the school is declined an offer is made to the parents/guardians of the next child on the Waiting List as determined by the selection criteria outlined in **An Polasaí Iontrála**.*

- **Opening Day for Junior Infants:** An opening day is held for parents/guardians and new junior infants in the month of **May** prior to the start of the school year.
- **Appeals:** Appeals may be made against a decision by The Board of Management to refuse admission of a child to the school under **Section 29 of The Education Act 1998 to An Roinn Oideachais agus Scileanna**. Details are available from the School Office.

4. NA CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN I GCÁS ÉILIMH BREISE THAR SOLÁTHAR ÁITEANNA I RANGANNA NAÍONÁIN SHÓISIR

1. **Aois:** Ní mór do pháistí a bheith 4 bliana d’aois ar/roimh **30 Aibreán** roimh thús na scoilbhliana sula n-glactar leis/lei ar scoil. Baineann an coinníoll seo le gach critéir.
2. **Caitlicigh Baistithe:** Do pháistí ar Chaitlicigh baistithe. **Ní mór teastas baiste a sholáthar don scoil in éineacht leis an iarratas más mian le tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste go dtiocfadh an t-iarratas faoin gcritéir seo.** Tabharfar tús áite do Chaitlicigh baistithe ‘sna critéir go léir. Tabharfar tús áite do na páistí **is sine** ar an Liosta Feithimh.
3. **Gaol Teaglaigh/ Gaol Fostaíochta:** Do dhaltaí a bhfuil/ a raibh **deartháir/deirfiúir, leas dheartháir/dheirfiúir, deatháir/deifiúir uchtaithe, deartháir/deirfiúir altramais** leo ag freastal ar scoil agus do **pháistí mhúinteoirí scoile, do pháistí de bhaill an Bhoird Bainistíochta** agus do **pháistí de dhaoine atá fostaithe go lán –aimseartha ag Bord Bainistíochta na Scoile**. Tabharfar tús áite do na páistí **is sine** ar an Liosta Feithimh.
4. **An Ghaeilge:** Do pháistí le tuistí/caomhnóirí ar féidir leo a léiriú go soiléir go bhfuil spéis shoiléir acu san oideachas trí Ghaeilge. Tabharfar tús áite do na páistí **is sine** ar an Liosta Feithimh.
5. **Naíonraí Áitiúla:** Do pháistí ó **naíonraí Ghaeilge áitiúla** (Naíonra Santain). Tabharfar tús áite do na páistí **is sine** ar an Liosta Feithimh.
6. **Naíonraí Gaelacha eile:** Do pháistí ó **naíonraí Ghaeilge eile atá cláraithe leis An Coiste Réamhscolaíochta**. Tabharfar tús áite do na páistí **is sine** ar an Liosta Feithimh.

7. **Páistí eile:** Do pháistí eile a bhfuil **spéis** léirithe ag a dtuistí/caomhnóirí ar an bhFoirm Iarratais go gcuirfí oideachas ar an bpaiste trí mheán na Gaeilge. Tabharfar tús áite do na páistí **is sine** ar an Liosta Feithimh.

4. SELECTION CRITERIA IN CASES WHERE DEMAND FOR SCHOOL PLACES EXCEEDS SUPPLY IN JUNIOR INFANT CLASSES

1. **Age:** Children must be 4 years of age by **30 April** of the year of the year of admission of the child to the school. This condition applies to all of the selection criteria.
2. **Baptised Catholics:** Children who are baptised Catholics. An **original baptismal certificate** must be included with the Application Form if a child is to be included within this criteria. Priority is given to baptised Catholics within all criteria. Priority is given to the **eldest** children on the Waiting List.
3. **Siblings/Employment:** Children who have/had a brother/sister, step brother/step sister, adopted brother/sister or foster brother/sister in Scoil Santain. Documentation may be required. Children of **teachers**, Children of **members of Bord Bainistíochta Scoil Santain** and children of **employees of Bord Bainistíochta Scoil Santain**. Priority is given to the **eldest** children on the Waiting List.
4. **An Ghaeilge:** Children of parents/guardians who can demonstrate an obvious interest in education through Irish. Priority is given to the **eldest** children on the Waiting List.
5. **Local Naíonraí Gaelacha:** Children who have attended local naíonraí (Naíonra Santain). Priority is given to the **eldest** children on the Waiting List.
6. **Naíonraí Gaelacha:** Children who have attended naíonraí gaelacha registered with **An Coiste Réamhscolaíochta**. Priority is given to the **eldest** children on the Waiting List.
7. **Other Children:** Children whose parents/guardians have declared an interest in having their children educated in an Irish-medium school on the Application Form. Priority is given to the **eldest** children on the Waiting List.

5. NA CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN D'IARRATAIS AR SON PHÁISTÍ I RANGANNA EILE

- **Labhrann** an Príomhoide/Príomhoide ionaid/An Cathaoirleach le tuistí/caomhnóirí an pháiste agus an páiste féin ar dtús. Déantar cinnte de go mbíonn iontráil an pháiste chun sochair oideachasúil an pháiste agus chun sochar pháistí na scoile.
- **Coimheas Mhúinteoirí Daltaí.** Ní mór go mbeadh áit ann don pháiste faoi choiníolacha na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- **Discréid an Phríomhoide:** Bunaithe ar leas na scoile, leas an pháiste. D'fhéadfaí comhairle a lorg dá mbeadh gá.

5. SELECTION CRITERIA FOR APPLICATIONS FOR CHILDREN SEEKING PLACES IN SENIOR INFANT TO SIXTH CLASSES

- **Information Meeting:** *The Principal/Deputy Principal/Chairperson speaks to the parents/guardians of the child and the child him/herself. The School must be satisfied that it can provide for the educational needs of the child. Relevant documentation e.g. previous school/psychological reports maybe required. Consideration is given to the needs of the children already attending the school.*
- **Teacher Pupil Ratio:** *A place must be available in accordance with the teacher pupil ratios as outlined by Department of Education and Skills for DEIS schools.*
- **The Discretion of the School Principal:** *Children are admitted at the discretion of the Principal. This is based on the needs of the school balanced with those of the proposed entrant. Advice is sought when required.*

6. PÁISTÍ LE RIACHTANNAIS SPEISIALTA

1. Fáiltíonn Scoil Santain roimh dhaltaí le riachtanais speisialta fad is gurb acmhainn dóibh a s(h)aol scoile a chaitheamh trí mheán na **Gaeilge**.
2. Nuair a cuirtear in iúl do Phríomhoide na scoile go bhfuil riachtanais speisialta ag dalta atá le clárú, iarrfar cóip de **thuirisc leighis/síceolaíochta** agus **tuairisc oideachais** an dalta más cuí.
3. D'fhéadfadh go n-iarrfar **measúnú** a dhéanamh gan mhoill ar an bpáiste chun a aimsiú céard iad na riachtanais oideachais agus traenála atá ag an dalta agus céard iad na seirbhísí a bhéas ag teastáil ón scoil. Ag éirí as seo, b'fhéidir go n-iarrfar ar an Roinn Oideachais agus Scileanna tuilleadh **acmhainní** a sholáthar m.sh. cúntóir riachtanais speisialta, troscán/fearas ar leith nó modh iompair cuí.

4. I gcás go mbeadh tuistí / caomhneoirí míshásta le caighdeán oideachais a bpáistí ceal acmhainní, d'fhéadfaí go molfaí go **n-aistreofaí** páistí chuig scoileanna speisialta a bheadh níos feiliúnaí dá riachtanais.
5. Is ag Bord Bainistíochta na Scoile a bheidh an **focal deireanach** maidir le dalta a bheith cláraithe sa scoil.

6. CHILDREN WITH SPECIAL NEEDS

1. *Scoil Santain welcomes children with special needs as long as these children have the capacity to live their school lives through the **medium of Irish**.*
2. *When the school is informed that a child with special needs is to be registered for admission, a copy of a **report** on the **medical / psychological / educational** needs will be sought if deemed appropriate.*
3. *A **prompt assessment** of the child will be sought in order to determine the child's educational and training requirements and what services will be required by the school to provide for them. Accordingly **extra resources** e.g. a special needs assistant, specialized furniture / equipment / methods of transport might be requested of An Roinn Oideachais agus Scileanna by the school.*
4. *In the event that parents / guardians are dissatisfied with the education of their child due to lack of resources, it might be recommended that the child be **transferred** to a school more suited to provide for the educational needs of the child.*
5. *The **final decision** regarding the enrolment of a child in the school rests with Bord Bainistíochta Scoil Santain.*

7. AISTRIÚ DHÁLTAÍ Ó SCOILEANNA EILE

Is féidir le dalta aistriú go dtí an scoil seo:

- Fad is go sásaíonn siad **Polasaí Iontrála Scoil Santain**.
- Fad is go bhfuil an scoil seo sásta le **cúis** an aistriúcháin agus gurb ar leas an dalta é an t-aistriúcháin seo.
- Fad is go bhfuil **áit** ann sa scoil dó/di.
- Gheobhfar **eolas ón scoil eile faoin dalta** i dtaobh tinrimh/caighdeán oideachais/riachtanais speisialta.

- Gheobhfar **Foirm Aistriúcháin** ón scoil eile.

7. **TRANSFER TO THE SCHOOL FROM OTHER SCHOOLS**

A child shall be given a place in the school:

- *If he / she satisfies the criteria contained in **An Polasaí Iontrála Scoil Santain**.*
- *If Scoil Santain is satisfied with the **reasons** given for the transfer of the child and if it is in accordance with the welfare of the child.*
- *If there is a **place** available in the school.*
- ***Information** will be sought from the other school regarding the child's attendance, educational attainments and special needs if deemed appropriate.*
- *The **Transfer of Pupil's Form** will be sought from the other school.*

8. **RANGÚ DALTAÍ**

Tá sé mar pholasaí ag an scoil siblíni a scaradh óna chéile ó thaobh ranganna de. Is é taití na scoile go bhfuil sé níos fearr do chúplaí nach mbeidís sa rang céanna ach an oiread. Déanann na múinteoirí amach na liostaí ranga ag deireadh gach scoilbhliain don bhliain dár gcionn. Déantar gach iarracht an suíomh foghlama is fearr a roghnú do gach dalta. Tuilleadh sonraí le fáil i Rangú Daltaí / Class Placement of Pupils i Scoil Santain 6/2013.

8. **CLASS PLACEMENT OF PUPILS**

School Policy is to separate siblings during classes where possible. The experience of the school is that twins also benefit when placed in different classes. Class lists are compiled by the teachers at the end of each school year for the following school year. Every effort is made to place each pupil in the learning environment most suitable to his/her needs. More details are available in Rangú Daltaí / Class Placement of Pupils 6/2013.

9. **ACHOMHAIRC**

De réir alt 29 den **Acht Oideachais 1998**, tá sé de chead ag tuistí/caomhneoirí pháiste nó ag duine a bhfuil an aois ocht mbliana déag sroichte aige/aici **achomharc** a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Bhoird Bainistíochta diúltadh do pháiste ionrollú ar scoil, chuig **Ard Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna**. Tá a thuilleadh eolais le fáil in **Oifig na Scoile**.

9. **APPEALS**

*In accordance with paragraph 29 of **Education Act 1998** the parents / guardians of a child or a child who has attained 18 years of age may appeal the decision by the board of management of a school to refuse enrolment to **Ard Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna**. More information is available in the **School Office**.*

10. POLASAÍ IOMPAIR AGUS ARAÍONACHTA SCOIL SANTAIN

Ní mór do gach tuiste/caomhnóir glacadh leis go mbeidh ar a bpáistí glacadh agus feidhmiú de réir **Cód Iompair agus Araíonachta Santain** atá ar fáil in Oifig na Scoile, atá ar taispeáint ar **Clár na bhFógraí** i Scoil Santain agus ar shuíomh idirlín Scoil Santain www.scoilsantain.com.

Tá cóip den **Pholasaí Iontrála** ar fáil in Oifig na Scoile agus ar taispeáint ar **Chlár na bhFógraí** i Scoil Santain agus ar shuíomh idirlín Scoil Santain www.scoilsantain.com.

10. SCOIL SANTAIN ACCEPTABLE BEHAVIOUR POLICY

*Every parent / guardian is required to accept and operate within the **Scoil Santain Code of Behaviour and Discipline** which is available in the **Oifig Scoile**, on display on the **School Notice Board** and on the school website www.scoilsantain.com.*

*Copies of **An Polasaí Iontrála** are available in **Oifig na Scoile**, on public display on the **School Notice Board** and on the **Scoil Santain** website at www.scoilsantain.com.*

11. REACHTÚ AGUS DEARBHÚ AN PHOLASAÍ / RATIFICATION OF THE POLICY

Phléigh agus ghlac Bord Bainistíochta Scoil Santain leis an bPolasaí Iontrála seo ar an 20 Bealtaine 2013.

Déanfaidh Bord Bainistíochta Scoil Santain athbhreithniú ar an bPolasaí seo ag cruinniú den Bhord Bainistíochta sa bhliain 2016.

This policy has been discussed and adopted by Bord Bainistíochta Scoil Santain on 20th May 2013. This policy will be reviewed at a meeting of Bord Bainistíochta Scoil Santain in 2016.

Sínithe ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Signed by the Chairperson of An Bord Bainistíochta Scoil Santain.

Síniú / Signed: _____

Marcus O Léanacháin
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Dáta / Date: _____